Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8860/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0120(NLE)**

**SCH-EVAL 74**
**VISA 76**
**COMIX 194**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Aibreán 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 83 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar chur i bhfeidhm *acquis* Schengen ag **an bhFrainc** i réimse an **chomhbheartais víosaí** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 83 final.

Faoi iamh: COM(2023) 83 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.4.2023
COM(2023) 83 final

2023/0120 (NLE)
**SENSITIVE***

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar chur i bhfeidhm *acquis* Schengen ag an bhFrainc i réimse an chomhbheartais víosaí**

* Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 7 Deireadh Fómhair 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013[1] lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú. I gcomhréir le Rialachán Uimh. 1053/2013, bhunaigh an Coimisiún clár meastóireachta ilbhliantúil le haghaidh 2020-2024[2] agus clár meastóireachta bliantúil le haghaidh 2022[3] ina bhfuil pleananna mionsonraithe i gcomhair cuairteanna ar an láthair ar na Ballstáit a ndéanfar meastóireacht orthu, na réimsí a ndéanfar meastóireacht orthu agus na suíomhanna a dtabharfar cuairt orthu.

Cumhdaíonn na réimsí a ndéanfar meastóireacht orthu gach gné de *acquis* Schengen, go háirithe bainistiú na dteorainneacha seachtracha, an beartas víosaí, Córas Faisnéise Schengen, cosaint sonraí, an comhar póilíneachta, an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus éagmais rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha. Ina theannta sin, i ngach meastóireacht cuirtear saincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha san áireamh, chomh maith le feidhmiú na n-údarás a chuireann na codanna ábhartha de *acquis* Schengen i bhfeidhm.

Ar bhonn na gclár ilbhliantúil agus bliantúil agus i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme *acquis* Schengen ag an bhFrainc i réimse an chomhbheartais víosaí ón 24-25 Deireadh Fómhair 2022, agus tacaíocht á fáil ag an bhfoireann ó bhreathnóir ó eu-LISA. Sa tuarascáil mheastóireachta ón bhfoireann[4], leagtar amach a cuid torthaí agus a cuid measúnuithe, lena n-áirítear dea-chleachtais agus aon easnamh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

I dteannta na tuarascála, rinne an fhoireann moltaí maidir le gníomhaíocht cheartaitheach a bheadh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh.

Glacadh Rialachán nua ón gComhairle, Rialachán (AE) 2022/922[5], an 9 Meitheamh 2022. In Airteagal 31(3) den Rialachán sin, tá forálacha idirthréimhseacha ar cheart dá réir na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 i gcás meastóireachtaí a dhéanfar roimh an 1 Feabhra 2023. Ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na meastóireachtaí sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta.

Dá bhrí sin, ba cheart na moltaí a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo ón gComhairle a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 1053/2013, ach is i gcomhréir le

---

1 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 8045 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 3692 lena mbunaítear an clár meastóireachta ilbhliantúil le haghaidh 2020-2024.

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 7727 ón gCoimisiún an 4 Samhain 2021 lena mbunaítear an chéad roinn den chlár meastóireachta bliantúil le haghaidh 2022 i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

4 C(2023) 830.

5 Rialachán (AE) Uimh. 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

Rialachán (AE) 2022/922 ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na meastóireachtaí sin a dhéanamh, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta.

Is éard atá sa togra seo na moltaí arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gcuireann an Fhrainc na rialacha Schengen uile a bhaineann le próiseáil víosaí Schengen i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Feidhmíonn na moltaí seo chun na forálacha atá ann cheana sa réimse beartais a chur chun feidhme.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Níl aon nasc ag na moltaí seo le príomhbheartais eile de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle, éilítear go sonrach ar an gCoimisiún togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun go nglacfadh sí moltaí le haghaidh gníomhaíocht cheartaitheach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar aon easnamh a sainaithníodh le linn na meastóireachta. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun an mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a neartú agus chun comhordú níos fearr a áirithiú ar leibhéal an Aontais ar mhaithe lena ráthú go gcuirfidh na Ballstáit rialacha uile Schengen i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach.

- **Comhréireacht**

Tá Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle ar aon dul le cumhachtaí sonracha na Comhairle i réimse na meastóireachta frithpháirtí ar chur chun feidhme bheartais an Aontais laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Dá bhrí sin, tá an togra seo le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhréireach leis an gcuspóir atá á shaothrú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Thug na Ballstáit tuairim dhearfach uathu maidir leis an tuarascáil mheastóireachta i gCoiste Schengen.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Cosaint na gceart bunúsach agus *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm, cuireadh san áireamh í le linn an phróisis meastóireachta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach.

## 5. EILIMINTÍ EILE

Neamhbhainteach.

2023/0120 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar chur i bhfeidhm *acquis* Schengen ag an bhFrainc i réimse an chomhbheartais víosaí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[6], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí i leith na Fraince i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 830 ón gCoimisiún glacadh tuarascáil ina bhfuil na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh ag an bhFrainc chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá cur chun feidhme cuí na bhforálacha a bhaineann le hiarratais ar víosa a thaisceadh; le huainiú chruthú na gcomhad iarratais sa Lárchóras Faisnéise Víosaí agus leis na comhairliúcháin is gá a sheoladh; le húsáid na foirme iarratais aonfhoirmí ar víosa; le staid na foirne agus le hiarratais ar víosa a stóráil go slán, i measc nithe eile, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1, 4, 5, 10, 17, 18, 22 agus 23 sa Chinneadh seo.

(3) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(4) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle[7] ón 1 Deireadh Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, na gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin a bhaineann leis na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta.

---

6 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

7 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

(5) Laistigh de 2 mhí tar éis a ghlactha, ba cheart don Fhrainc, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a chur ar bun chun na moltaí uile a chur chun feidhme chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Fhrainc an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

gur cheart don Fhrainc an méid seo a leanas a dhéanamh:

**Ginearálta**

(1) a áirithiú gur féidir le hiarratasóirí ar víosa a n-iarratas a thaisceadh laistigh de 2 sheachtain ón dáta a iarradh an choinne, cuir i gcás trí dhlús a chur leis na hiarrachtaí chun an fhoireann a bhfuil baint acu le próiseáil víosaí Schengen a threisiú agus chun teagmháil a dhéanamh leis an soláthraí seirbhíse seachtrach / na soláthraithe seirbhíse seachtracha maidir leis an gcaoi leis an am feithimh a laghdú le haghaidh coinní i gcás ina mbeidh na moilleanna ann (go príomha) de bharr ganntanas foirne ag na soláthraithe seirbhíse seachtracha;

(2) a áirithiú, e.g. tríd an bhfoireann ag na consalachtaí atá faoin mbrú is mó (an tSeineagáil, go háirithe) a threisiú, ar a laghad go sealadach, nach mbeidh am próiseála na n-iarratas ar víosa níos faide ná 45 lá féilire agus nach gcuirfear síneadh níos faide ná 15 lá leis ach amháin i gcásanna aonair, go háirithe nuair is gá grinnscrúdú breise a dhéanamh ar an iarratas;

(3) go dtí go dtiocfaidh Rialachán (AE) 2021/1134[8] i bhfeidhm (an Rialachán maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí a athchóiriú), fionraí a chur ar fhéachaint ar an gCóras Faisnéise Víosaí nuair a dhéantar iarratais ar víosa fadfhanachta a scrúdú;

(4) a áirithiú go ndéanfaidh foireann na gconsalachtaí atá údaraithe go cuí seiceálacha ar inghlacthacht ar bhonn córasach agus nach mbeidh aon chomhad neamh-inghlactha sa Lárchóras Faisnéise Víosaí;

(5) a áirithiú nach seolfar na comhairliúcháin ach amháin nuair atá na seiceálacha cáilíochta sonraí is gá déanta ag foireann na consalachta tar éis go measfar na hiarratais a bheith inghlactha;

(6) a áirithiú go n-úsáidfear VIS Mail chun sonraí maidir le hiarratasóirí a mhalartú agus nach gcuirfidh fadhbanna teicniúla (teachtaireachtaí earráide) bac ar úsáid an chórais;

(7) a áirithiú gur féidir sonraí sa Chóras Faisnéise Víosaí a leasú agus a scriosadh leis an gcóras TF um próiseáil víosaí fiú amháin tar éis cinneadh a ghlacadh maidir le hiarratas;

(8) a áirithiú go leasófar an cinneadh sa chomhaid iarratais atá ann cheana sa Chóras Faisnéise Víosaí, i gcás ina gcuirfear diúltú víosa ar neamhní sa nós imeachta achomhairc agus ina rialóidh an chúirt ar chéim níos airde go n-eiseofar an víosa; nó, mar mhalairt air sin, leanúint de chomhad iarratais nua a chruthú le haghaidh na gcásanna sin, ach a áirithiú go scriosfar an bunchomhad ón Lárchóras Faisnéise Víosaí;

(9) a áirithiú go gcomhfhreagróidh ábhar an leagain ar líne (ar thairseach 'Víosaí - an Fhrainc') go hiomlán don leagan is déanaí den fhoirm iarratais aonfhoirmeach;

---

8 IO L 248, 13.7.2021, lgh. 11-87.

(10) staonadh ó fhaisnéis bhreise a bhailiú ar an bhfoirm ar líne chun críoch náisiúnta, lena n-áirítear nuair nach mbíonn an bailiúchán den fhaisnéis bhreise ar asphrionta na foirme ar líne;

(11) feabhas a chur ar struchtúr na hadmhála clárúcháin a ghintear le 'Víosaí - an Fhrainc' ionas go mbeidh an fhoireann ag an soláthraí seirbhíse seachtrach in ann a chinneadh go héasca cé na doiciméid atá cineálach agus a bhfuil gá leo sna cásanna uile agus cé na doiciméid atá faoi réir chuspóir an turais nó imthosca eile; idir an dá linn, oiliúint a chur ar an bhfoireann ag an soláthraí seirbhíse seachtrach maidir leis an gcaoi leis an admháil clárúcháin a léiriú;

(12) teideal a thabhairt don fhoireann atá fosaithe go háitiúil a bhíonn ag déileáil le seiceálacha cáilíochta sonraí chun aon sonraí earráideacha sa chóras náisiúnta TF a athrú le linn seiceálacha cáilíochta sonraí a dhéanamh agus a áirithiú nach mbeidh srianta teicniúla sa chóras i ndáil leis sin;

(13) feabhas a chur ar fheidhmiúlachtaí an chórais náisiúnta TF ionas go bhféadfadh sé a bheith ina uirlis chabhrach chun an sreabhadh oibre ag na consalachtaí a shocrú ar bhealach níos fearr;

(14) feidhmiúlachtaí nua a thabhairt isteach ionas go bhféadfadh na consalachtaí iad féin tuarascálacha agus staitisticí ábhartha a ghiniúint;

**Dacár**

(15) a mhéid a bhaineann leis an soláthraí seirbhíse seachtrach, ba cheart don Fhrainc an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a áirithiú go mbeidh an ionstraim dhlíthiúil (conradh) a síníodh i nDacár i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 810/2009[9] (an Cód Víosaí: anseo feasta) agus Iarscríbhinn X, go háirithe a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a chosaint;

(b) treoir a thabhairt don soláthraí seirbhíse seachtrach athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta scrollú síos de na cineálacha víosaí ina chóras áirithinte agus féachaint ar na cúiseanna a seoltar teachtaireachtaí earráide ón ardán;

(c) príobháideachas leordhóthanach a áirithiú ag na cuntair tríd an scaradh fisiciúil eatarthu a threisiú;

(d) feabhas a chur ar an gcóras ticéadaithe agus a áirithiú go nglaofar iarratasóirí ar víosa teacht chuig na cuntair de réir uimhir a dticéad;

(e) treoir a thabhairt don soláthraí seirbhíse seachtrach míniú iomchuí a thabhairt do na hiarratasóirí maidir leis an bpróiseas iarratais ar víosa agus maidir leis na doiciméid ábhartha agus smaoineamh ar lámhleabhar oiliúna a tharraingt suas i ndáil leis sin;

(f) an meaisín ticéadaithe a dheisiú le haghaidh an chuntair bithmhéadrachta agus an chuntair íocaíochta;

(16) staonadh ó idirdhealú a dhéanamh ar bhonn chuspóir an turais nuair atáthar ag tabhairt coinní;

(17) Airteagal 9 den Chód Víosaí a chur i bhfeidhm i gcás iarratais a thaisctear tráth nach déanaí ná 15 lá roimh thús na cuairte atá beartaithe;

9 *IO L 243, 15.9.2009, lgh. 1-58*

(18) athbhreithniú a dhéanamh ar an sreabhadh oibre chun na hiarratais a chinneadh agus tús áite a thabhairt dóibh agus a áirithiú, mar riail, go leanfadh próiseáil an iarratais seicheamh an dáta a chuirfear isteach é nó inghlacthacht an iarratais agus i gcás cásanna a bhfuil údar cuí leo amháin, dáta an turais atá beartaithe nó gnéithe eile (e.g. cáilíocht an iarratais, cuspóir an turais);

(19) a áirithiú go ndéanfar agallaimh nuair nach féidir cinneadh a bhfuil bunús maith leis a ghlacadh chun víosa a eisiúint nó chun an t-iarratas a dhiúltú de bharr scrúdú an iarratais ar víosa atá bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht atá ar fáil;

(20) teorainn a chur leis an rochtain dhíreach nó indíreach ar an gCóras Faisnéise Víosaí atá ag an bhfoireann atá ag próiseáil iarratais ar víosa ghearrfhanachta;

(21) feabhas a chur ar an scrúdú a dhéanfar ar iarratais a chuirfidh náisiúnaigh den Ghaimbia isteach trí oiliúint níos fearr a chur ar an bhfoireann maidir le sainiúlachtaí na n-iarratasóirí sin agus na ndoiciméad tacaíochta atá acu agus, nuair is ábhartha, trí thuilleadh agallamh a chur ar siúl;

(22) líon an lucht cinnteoireachta easaoránaigh ag an gconsalacht i nDacár a mhéadú;

(23) a áirithiú nach stórálfar na hiarratais ina bhfuil doiciméid taistil i gconairí na roinne víosa agus go stórálfar go sábháilte iad nuair nach bhfuil an fhoireann á bpróiseáil (e.g. i seomra/clóiséad faoi ghlas);

(24) próiseas trédhearcach a bhunú chun gearáin a láimhseáil, a áirithiú go gclárófar na gearáin uile agus faisnéis ábhartha a sholáthar don phobal maidir leis an nós imeachta um ghearán.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*